Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7948/26**

| | |
|---|---|
| **UEM 124** | **RECH 156** |
| **ECOFIN 412** | **ENER 160** |
| **SOC 184** | **JAI 424** |
| **EMPL 84** | **GENDER 25** |
| **COMPET 396** | **ANTIDISCRIM 32** |
| **ENV 310** | **JEUN 48** |
| **EDUC 106** | **SAN 200** |
| ***EIB*** | ***ECB*** |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro<br>– Glacadh |

1. An 28 Samhain 2025, tharchuir an Coimisiún Moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, a leagtar amach in 16145/25.

2. D'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais téacs an mholta ón gComhairle, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe é an 10 Feabhra 2026 agus phléigh an Grúpa Euro é an 16 Feabhra 2026.

3. I gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1466/97 ón gComhairle, bhí nóta ag gabháil le téacs an mholta ón gComhairle ina mínítear na leasuithe a rinne an Chomhairle ar na moltaí ón gCoimisiún.

4. An 17 Feabhra 2026, d'fhormheas an Chomhairle an téacs mar a leagtar amach in 5732/26 é, mar aon leis an nóta míniúcháin a ghabhann leis mar a leagtar amach in 5991/1/26 REV 1 é, agus chinn sí é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach go ndéanfaí é a fhormhuiniú.

5. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an téacs ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Márta 2026.

6. D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas ag cruinniú a bheidh aici amach anseo:

   – An Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, mar a leagtar amach in 7949/26 é, agus an nóta míniúcháin a ghabhann leis, mar a leagtar amach in 5991/1/26 REV 1 é, a ghlacadh.